C/2024/6583

12.11.2024

P9_TA(2024)0170

Ainmniú comhalta den Chúirt Iniúchóirí – Carlo Alberto Manfredi Selvaggi

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2024 maidir le Carlo Alberto Manfredi Selvaggi a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí (C9-0008/2024 – 2024/0801(NLE))

(Comhairliúchán)

(C/2024/6583)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá bhun a chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa (C9-0008/2024),

— ag féachaint do Riail 129 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0061/2024),

A. de bhrí go ndeachaigh an Chomhairle, i litir dar dáta an 17 Eanáir 2024, i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir le Carlo Alberto Manfredi Selvaggi a ainmniú mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

B. de bhrí go ndeachaigh an Coiste um Rialú Buiséadach i bParlaimint na hEorpa ar aghaidh le meastóireacht a dhéanamh ar dhintiúir Carlo Alberto Manfredi Selvaggi, go háirithe i bhfianaise na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 286(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; de bhrí go bhfuair an coiste, agus an mheastóireacht sin á déanamh aige, *curriculum vitae* ó Carlo Alberto Manfredi Selvaggi, chomh maith leis na freagraí ar an gceistneoir i scríbhinn a seoladh chuige;

C. de bhrí gur thionóil an coiste éisteacht le Carlo Alberto Manfredi Selvaggi, an 22 Feabhra 2024, ina ndearna sé ráiteas tosaigh agus inar fhreagair sé ceisteanna ó chomhaltaí an choiste ina dhiaidh sin;

1. ag tabhairt tuairim fhabhrach ar ainmniú Carlo Alberto Manfredi Selvaggi ag an gComhairle ina Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus, mar fhaisnéis, chuig an gCúirt Iniúchóirí, chuig institiúidí eile an Aontais Eorpaigh agus chuig institiúidí iniúchóireachta na mBallstát.